



**Irish  
Junior Certificate  
Higher Level**

**Past Exam Questions on  
Unseen Prose**

## Q1 Section 1 2010 Paper 2

Ceist 1. Léigh an sliocht seo agus freagair trí cinn de na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

Ní mór ceist amháin a roghnú as A agus ceist amháin a roghnú as B.

Is féidir an triú ceist a roghnú as A nó as B. Ní gá níos mó ná leathanach a scríobh.

Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

### Pictiúr a Goideadh

1. Sheas an príomhoide, an tUasal Mac an tSionnaigh, ar an ardán, a cheann faoi agus gan hóm ná hám as ar feadh i bhfad. Fear crua a bhí sa phríomhoide, ach an lá áirithe seo bhí cuma bhuartha air. Thosaigh sé ag féachaint ó thaobh go taobh. D'éirigh na páistí agus na múinteoirí míshuaimhneach.

2. Ansin thosaigh an tUasal Mac an tSionnaigh ag caint. Labhair sé go mall réidh i nglór íseal. Chloisfeá biorán ag titim. Bhí gach duine ag iarraidh na focail a chloisteáil. 'Tharla rud éigin sa scoil ag an deireadh seachtaine agus ba mhaith liom go n-éistfeadh sibh go han-chúramach liom,' a dúirt sé. 'Goideadh pictiúr a bhí ar crochadh ar chúlbhalla halla na scoile le breis agus céad bliain anuas. Tá mé an-bhuartha faoi mar go bhfuil an pictiúr a goideadh ar an bpictiúr is luachmhaire ar domhan.'



3. Bhí monabhar cainte le cloisteáil i measc scoláirí agus múinteoirí na scoile. D'iompaigh gach duine thart le féachaint ar chúlbhalla an halla. Ceart go leor, bhí imlíne dhronuilleogach san áit a raibh an phéint ar dhath níos éadroime ná an chuid eile den bhalla. Ba léir go mbíodh rud éigin ar crochadh ansin le tamall fada de bhlianta ach ní raibh duine ar bith ábalta a rá cad é go díreach a bhí ann. D'fhéach gach duine ar ais ar an bpríomhoide ag súil le míniú uaidh ar an mistéir seo. Níor cheap siad gurbh é an pictiúr a bhí ar iarraidh a bhí ag cur as dó. Caithfidh go raibh cúis éigin eile leis.

4. 'An bhfuil tú ag rá linn gur briseadh isteach sa scoil?' a d'fhiafraigh Bean Uí Leanaí, an múinteoir a bhí i bhfeighil scoláirí na chéad bhliana sa scoil. Bhí an chuma ar an bpríomhoide faoin am seo gur mhaith leis imeacht de rith as an áit ach d'fhan sé mar a raibh sé agus é fós ag féachaint ó thaobh go taobh. 'Níor briseadh isteach,' a d'fhreagair sé go grod, 'ach creid mé, rinneadh damáiste nach féidir a leigheas. Ach is léir nach dtuigeann sibh an chiall atá leis an bhfocal *luachmhar*.' Bhí fearg ina ghlór agus é ag bogadh go mífhoighneach ó chos go cos.



5. 'Tá deireadh le himeachtaí i ndiaidh am scoile. Tá mé ag iarraidh oraibhse, a scoláirí, dul caol díreach abhaile i ndiaidh am scoile gach lá as seo amach. Téigi anois chuig bhur seomraí ranga. Tá oideachas le cur oraibh.' Leis sin d'fhág an príomhoide an halla agus chuaigh sé de bhogshodar i dtreo a oifige féin. Fágadh gach duine ina thost. Ba léir nár thuig duine ar bith cén fáth a raibh an príomhoide chomh corraithe sin i dtaobh an phictiúir a goideadh. Ba ríshoiléir fosta gur cheap an príomhoide go raibh baint ag duine éigin sa scoil leis an ngadaíocht. Ach cé a dhéanfadh a leithéid agus cad chuige a ndéanfadh sé é?

6. Nuair a scaipeadh an scéal an tráthnóna sin, shíl idir mhúinteoirí, dhaltáí agus thuismitheoirí go raibh an príomhoide ag déanamh cnocáin de chnapán. Nach raibh sé soiléir do gach duine nach raibh sa phictiúr a bhí ar crochadh i halla na scoile ach cóip amaitéarach den phictiúr cáiliúil, *An Mona Lisa*? Ba chuimhin le cuid de na daoine ba shine san áit gur ghoid Vincenzo Perugia *An Mona Lisa* sa bhliain 1911. Ach nár thug sé ar ais é dhá bhliain ina dhiaidh sin? Nó ar thug? B'fhéidir gur chóip bhréagach de a thug Perugia ar ais! B'fhéidir go raibh *An Mona Lisa* ceart ar crochadh i halla Scoil an Chnoic ó shin i leith, gan fhios don saol!

(Sliocht athchóirithe as an leabhar *Scoil an Chnoic* le Jacqueline de Brún)

## Q1 Section 1 2009 Paper 2

**Ceist 1** Léigh an sliocht seo agus freagair trí cinn de na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)  
Ní mór ceist amháin a roghnú as A agus ceist amháin a roghnú as B.  
Is féidir an tríú ceist a roghnú as A nó as B. Ní gá níos mó ná leathanach a scríobh.  
[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]

### Dorád Deif Ar Iarraidh

**Cúlra an Scéil:** Baineann an scéal seo le deif. Dorád an t-ainm a thugtaí air. Chaitheadh sé cuid mhaith dá shaol i gCuan na hInse Bige i gCo. Chiarraí. Thagadh cuairteoirí ag breathnú air. Gan aon choinne ag aon duine leis, fuadaíodh Dorád. Ach bhí cairde dílse ag an deif spórtúil seo agus chuir siad rompu é a fhuascailt óna chuid fuadaitheoirí i sorcas thall i Sasana.

1. Ba é Seáinín Mac Uidhir an chéad duine a chonaic Dorád, an deif. Bhí Seáinín ar a bhealach abhaile ón scoil agus é ag dul suas cosán chuig a theach ar mhullach cnoic os cionn Chuan na hInse Bige, nuair a leag sé súil ar an deif den chéad uair. B'iomáí lá a chaith siad ag cleasaíocht le chéile ina dhiaidh sin. Ghoill sé go mór ar Sheáinín nuair a fuadaíodh Dorád.

2. Lig Seáinín osna as agus é ag stánadh amach ar an gcuan. Bhí a chairde imithe le dhá lá anuas agus ní raibh aon scéala uathu fós. Ní foláir nó gur theip orthu Dorád a fháil. Nó b'fhéidir go raibh an deif marbh agus nár theastaigh uathu an drochscéal a insint dó. Bhí Seáinín tar éis an iarnóin a chaitheamh thíos ag an ngóilín. B'fhéidir nár fuadaíodh Dorád tar éis an tsaol! B'fhéidir gurbh í an stoirm ba chúis lena imeacht! B'fhéidir go bhfillfeadh sé inniu! D'fhéach Seáinín ar an uisce arís. Samhlaíodh dó go raibh soc cosúil le buidéal ag teacht go barr an uisce is ag snámh isteach chun beannú dó. Ach nuair a chuimil sé méar dá shúile ní raibh dada ann.

3. Níor ith Seáinín mórán ag béile an tráthnóna. D'fhéach a thuismitheoirí go himníoch air. 'An ndeachaigh tú ag iascaireacht inniu?' a d'fhiafraigh a athair de. Chroith Seáinín a cheann. 'Níor ith tú mórán,' arsa a mháthair leis. 'Níl aon ocras orm.' 'Ná bíodh inní ort faoi Dhorád. Tiocfaidh sé ar ais.' 'Ní fheicfidh mé arís é!' D'éirigh sé ón mbord agus rith sé isteach ina sheomra. Luigh sé ar an leaba go brónach.

4. Sa leaba dó, bhí Seáinín ag smaoineamh ar a chairde, Muiris, Séimí agus Éilís a bhí imithe go Sasana chun Dorád a fhuascailt ón bhfear sorcais a d'fhuadaigh é. 'Snámh in aghaidh easa,' a cheap Seáinín. 'Níl seans ar bith acu é a fháil ar ais má tá sé ag an bhfear gránna sin.'



5. Go tobann, chuala Seáinín an teileafón ag clingeadh sa halla. 'Duitse an glao seo, a Sheáinín,' a scairt a athair. Dheifriugh sé amach. Thóg sé an glacadóir. 'Haló!' 'Muiris anseo, a Sheáinín. Tá mé ag glaoch ó Shasana. Fuaireamar Dorád agus tá sé slán sábháilte agus táimid ar an tsli abhaile leis. Ní raibh sé furasta é a fhuascailt ón sorcas ach d'éirigh linn ar éigean. Caithfidh mé a rá gur laochra iad Éilís agus Séimí. Ní éireodh linn gan iad. Inseoidh mé an scéal ar fad duit amárach.'

6. Chuir Seáinín an teileafón ar ais. Sheas sé ansin ar feadh soicind agus loinnir ina shúile le barr lúcháire. Ansin dheifriugh sé isteach chuig a thuismitheoirí. 'Fuair siad Dorád! Tá sé ag teacht ar ais!' 'Dúirt mé leat go bhfillfeadh sé.' Leath gáire ar bhéal a mháthar. 'B'fhéidir go gcríochnófa do bhéile anois.' 'Críochnóidh, cinnte ...tá mé stiúgtha leis an ocras.'

(Sliocht athchóirithe as an úrscéal Dorád le Liam Mac Uistín)

**Gluais:** fuadaíodh: goideadh;  
góilín: cuan beag;  
samhlaíodh dó: cheap sé;  
soc: gob/srón.  
stiúgtha: cailte

## Q1 Section 1 2008 Paper 2

- Ceist 1.** Léigh an sliocht seo agus freagair trí cinn de na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)  
Ní mór ceist amháin a roghnú as A agus ceist amháin a roghnú as B.  
Is féidir an tríú ceist a roghnú as A nó as B. Ní gá níos mó ná leathanach a scríobh.  
[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]

### Luath nó Mall

1. Bhí lá breithe ag Peadar. Bhí a chairde go léir ann. An spórt a bhí acu! An gáire a rinne siad! Bhí Peadar an-sásta. Ní raibh sé riamh chomh sásta ina shaol. “An féasta ab fhearr a bhí ag aon duine riamh,” ar seisean ina intinn féin. Ansin chuaigh a chairde go léir abhaile. Bhí Peadar faoi bhrón. Bhí an teach an-chíúin. “Ní bheidh lá breithe arís agam go ceann bliana,” ar seisean. “Tá sin i bhfad rófhada uainn.”

2. An lá dár gcionn bhí sé fós faoi scamall bróin. Smaoinigh sé ar phlean. “Má shiúlaim níos tapúla, má labhraim níos tapúla, má ithim agus má ólaim níos tapúla, b'fhéidir go n-imeoidh an bhliain níos tapúla,” ar seisean. D'ith sé a bhricfeasta an-tapa ar fad. D'ól sé gloine bhainne in aon slog amháin. “Tóg go bog é,” arsa a Mhamáí leis. Amach leis. Shiúil sé an-tapa ar scoil. Bhí sé ann ar fiche tar éis a hocht. Ní raibh aon duine ann. Chiceáil sé carn duilleog. D'fhéach sé suas síos. Ní raibh aon duine ag teacht. Sa deireadh chuala sé carr á pháirceáil i gclós na scoile.



An Chuil Bhealtaine

“Dia duit ar maidin,” arsa an t-ardmháistir. “Dia is Muire duit,” arsa Peadar an-tapa ar fad. “Nach tú atá luath ar maidin,” arsa an t-ardmháistir agus d'oscail sé doras na scoile. D'fhan Peadar lasmuigh. Chiceáil sé carn eile duilleog. Ansin bhailigh sé iad go léir arís, an-tapa ar fad, agus rinne carn díobh. “Nach mé an t-amadán,” arsa Peadar. “D'ith mé, d'ól mé, shiúil mé agus labhair mé an-tapa ar fad ach tá an t-am ag imeacht mar a bhí riamh.” Chaith sé an lá ar fad ag smaoineamh. “Má dhéanaim gach rud níos moille, b'fhéidir?” ar seisean.

3. Shiúil sé abhaile an-mhall ar fad, ar nós seilide. Bhí sé beagnach a cúig nuair a shroich sé an baile. “Bhí mé buartha fút, a Pheadair,” arsa a Mhamáí leis. “Cá raibh tú?” “Níl ann ach gur shiúil mé abhaile an-mhall ar fad.” “Cad atá ort, an bhfuil tú tinn?” “Níl,” arsa Peadar. Thóg sé trí shoicind air an focal sin a rá. D'ith sé ceapaire cáise, an-mhall. Chogain sé agus chogain sé an ceapaire. D'ól sé cupán tae an-mhall, an-mhall go deo. Ní raibh sé ach leathólta aige nuair a d'éirigh sé fuar. “Nach mé an t-amadán,” arsa Peadar leis féin. “D'ith mé, d'ól mé, shiúil mé agus labhair mé an-mhall ar fad ach tá an t-am ag imeacht mar a bhí riamh.”



An Chrónghitús

4. Tháinig Daidí abhaile. “Deir Mam liom go bhfuil rud éigin cearr leat,” ar seisean. “Níl,” arsa Peadar, “ach tá rud éigin cearr leis an saol.” “An bhfuil anois?” arsa Daidí. “Agus cad atá cearr leis an saol?” “Tá an bhliain rófhada,” arsa Peadar. “Rófhada? Níl a fhios agam faoi sin,” arsa a Dhaidí leis. “Tá,” arsa Peadar.

5. Thóg Daidí leabhar anuas ón tseif. Leabhar dúlra. “An bhfeiceann tú an crann sin?” “Feicim,” arsa Peadar. “Míle bliain d'aois atá sé. Fásann sé in California. Sin í an chrónghitús,” arsa Daidí. “Míle bliain?” arsa Peadar agus bhí iontas air. D'oscail a Dhaidí leathanach eile. “Agus an bhfeiceann tú an chuil sin?” ar seisean. “Feicim,” arsa Peadar. “Sin í an chuil Bhealtaine,” arsa a Dhaidí. “Ní mhaireann sé ach aon lá amháin.” “Aon lá amháin???” arsa Peadar. “Sin an méid,” arsa a Dhaidí.

6. “Cé acu ab fhearr leat,” arsa Peadar tar éis tamaill, “a bheith i do chuil Bhealtaine nó i do chrónghitús?” “B'fhearr liom a bheith i mo dhuine,” arsa a Dhaidí. “Ach dá mbeadh rogha agat,” arsa Peadar. “Ach níl ...,” arsa a Dhaidí. “Níl rogha agam ná agatsa. Bí buíoch as gach lá atá agat. Ná bí buartha faoin lá inné ná faoin lá amárach. Agus ná bac an bhliain seo chugainn. ... Tiocfaidh an bhliain seo chugainn, luath nó mall!” Gháir siad beirt.

(Sliocht athchóirithe as an ngearrscéal *Ceol na Gealaí* le Gabriel Rosenstock)

## Q1 Section 1 2007 Paper 2

- Ceist 1 Léigh an sliocht seo agus freagair trí cinn de na ceisteanna a ghabhann leis. (15mharc)  
Ní mór ceist amháin a roghnú as A agus ceist amháin a roghnú as B.  
Is féidir an tríú ceist a roghnú as A nó B. Ní gá níos mó ná leathanach a scríobh.

[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]

### Níl Aon Tinteán mar do Thinteán Féin

Cúlra an Scéil: Bhí Eibhlín Mhic Dhonncha, agus beirt pháistí léi, ar deoraíocht i Londain timpeall na bliana 1965. Altra pháirtaimseartha ba ea Eibhlín. Bhí an saol an-dian orthu, triúr, thall i Sasana.

1. Bhí Niamh uaigneach sa chathair, agus bhí a máthair agus a deartháir uaigneach freisin. Ba mhínic iad ag caint faoi sin agus iad ina suí os comhair na tine gáis san árasán. "Níl aon leigheas air. Níl obair ar bith le fáil sa bhaile," a dúirt a máthair go mínic. Ach bhí cuimhní na hóige acu: an uair a thriall siad ar an gClochán i gContae na Gaillimhe, an áit ar rugadh a máthair. Na sléibhte agus an fharraige, na tránna agus na duirlingí – na portáin agus na gliomaigh a fuair siad ó na hiascairí. Laethanta órga ba ea iad sin, ach ní raibh iontu anois ach cuimhní.

2. Thosaigh Niamh ag smaoinemh ar a deartháir Oisín a bhí ar a bhealach abhaile. Tháinig faitíos uirthi. Thuig sí go maith go raibh drong d'ógánaigh an cheantair ag cur isteach air go mínic. Bhí sé ag cur fola nuair a tháinig sé isteach, a aghaidh agus a lámha dearg. "Céard a tharla?" arsa Niamh. "Bhí tú ag troid!" "Ní raibh aon dul as. Bhí siad ag fanacht liom taobh amuigh den scoil." "Cén fáth nár rith tú uathu?" "Tháinig siad aniar aduaidh orm. Rinne mé iarracht éalú, ach lean siad mé. Is baolach go bhfuil mo shrón briste acu!" Scrúdaigh sí a shrón. Bhí sí ata ach ní raibh aon rud briste, dar léi. "Beidh tú ceart go leor. Ach caithfidh tú a bheith cúramach. Dúirt Mam é sin leat. Bíonn tú i gcónaí i dtrioblóid!"



Bloc árasán i Londain timpeall na bliana 1965

3. Buachaill láidir ba ea a deartháir ach bhí sé corrhónach. Ní raibh sé sásta riamh suí sios go socair. "An iomad fuinnimh atá agat!" deireadh a mháthair leis. Sin an fáth ar thug sí cead dó tosú ag freastal ar an gclub dornálaíochta in Camden Town. Fear óna ceantar féin a bhí i bhfeighil gnóthaí ansiúd. Théadh sé ann ar an traen faoi thalamh gach deireadh seachtaine agus chaitheadh sé cúpla uair an chloig ag traenáil. Bhí roinnt bonn buaite aige cheana féin. "Bainfidh mé díoltas astu! Casfaidh mé leo ina nduine agus ina nduine!" a dúirt sé anois agus fearg ina ghlór. "Ná bí ag caint mar sin. Cheapfadh duine gur bharbarach thú!" "Is áit bharbartha an chathair seo! Ba mhaith liom dá bhféadfaimis glanadh linn." "Tuigeann tú go maith nach féidir linn. Tá Mam ag lorg oibre arís inniu."

4. I bhfad ón árasán bhí Eibhlín Mhic Dhonncha ag tóraíocht oibre. Ní raibh mórán airgid fágtha. Bhí sé sin ag goilleadh uirthi. Ganntanas airgid ba mhó a chuir an dath liath ar a cuid gruaige, a bhí dubh tráth. Ba mhínic i ag cuimhneamh ar an am a raibh an saol níos fear agus teach dá cuid féin aici. Ach d'ímigh sin agus tháinig seo. Bhí uirthi an teach a dhíol. Ó shin i leith bhí sí féin agus a clann ag imeacht ó lóistín go lóistín, gan aon chónaí buan acu.

(Sliocht athchóirithe as an úrscéal *An tOileán Órga* le Michael Mullen)

Gluais: ar deoraíocht; ar imirce; drong: slua/grúpa; corrhónach: mishocair; barbarach: duine fiáin.